Lá an Easpaig

Seán Ó Criomṫain

Ḃíomar siar amaċ sa leaḃar eire a ḃí againn, ċom fada siar eis an gCapall Ḃán, mar is ictiúir de ċapall bán a ḃí ṫiar ndeireaḋ an leaḃair. Is mó á maiṫ a ċaiṫeamar a' fuireaċ eis an lá san a ṫeaċt, mar ḃeaḋ eireaḋ le nár ré ar scoil ag-inn nuair a ḃeaḋ an Capall Ḃán urṫa ṫarainn againn.

Lá breá aoiḃinn a ḃí ann agus an smól san aer. Laḃair an náistir agus dúirt go mbeaḋ an Easpag ag teaċt i mbliana ⁊ o mbeaḋ orainn go léir a ḃí sa ang is sia siar dul fé láiṁ easpaig agus go mbeaḋ orainn tuidéar ana ṁaiṫ a ḋéanaṁ ar n dTeagasc Críostaí as seo maċ, agus go mbeaḋ orainn eaṫ-uair a ċloig a ṫaḃairt á oġlaim gaċ tráṫnóna nuair a igfí amaċ na leanaí beaga. Níor aiṫnig an ċaint san ó'n Ṁáis-ir go ró ṁaiṫ linn aċ cad a ḃí gainn le déanaṁ — ná raḃamar é crua smaċt aig 'n máistir ⁊ ige ár muinntir aige baile. Ní aiḃ aon dul as againn aċ glac-ḋ leis go foiḋneaċ. Ní mór ár dtoil a ḃí fágṫa againn ó'n éad lá riaṁ a ċuamar isteaċ irṫí mar scoil. Aiteas agus dí-éille an duine i gcónaí. ní a íonn ar an duine a ḃíonn óg ⁊ í ṫagann an ciall go dtagann n aois.

Sin mar a ḃí againne leis an rá úd. Luíomar síos agus ḃíom-r ag foġlaim linn coṁ maiṫ gus ḃí ionainn. Ní as Ḃéarla a í an Teagasc Críostaí an trá d aċ as Gaoluinn ḃreá slaċt-ıar.

Leanamar linn ag dul ar scoil aċ lá agus ag déanaṁ stuidéir oṁ crua agus a ḃeaḋ aon áḃar agairt a ḃeaḋ ar an mbliain éanaí.

Is minic ó ṡin a ḋein mé maċ-aṁ gurḃ amaideaċ an cúram a í ar an máistir a ḃí ag caiṫeaṁ ma linn. mar, go ḃfóire Dia ⁊ luire orainn cár ġaiḃ an teag-isc go léir agus freagairt na ceisteanna go léir go raiḃ an riobloid go léir á ġaḃailt ua-a? Ḃí an teagasc Críostaí á oġlaim an uair úd mar a ḃeaḋ Down The Glen" á ḟoġlaim ag eanḃ beag, aċ ní mar sin na ıaiḋ sin é, ċeangail sé isteaċ gus d'ḟan a rian riaṁ ó ṡin ag-inn buíoċas le Dia.

Dá ḟaid é an lá tagann oíċe, gus sin mar a ḃí ag an Easpaig , ṫáinig a lá san leis. Ċuaiġ a cailíní amaċ go Dún Caoin úpla lá roimis an Easpag, agus uireaḋ fá cúram máistir scoile ún Caoin iad san. agus ní ḃeaḋ rainne aċ dul amaċ maidin lae n Easpaig. Ḃíomar féin abálta n beart a ḋéanaṁ, in éinfeaċt e cúpla sean duine a ċuirfeaḋ rdú orainn. Áit isea na Blas-aodaí ná fuil an bóṫar tirim gat ċun bualaḋ amaċ as féin ıar is maiṫ leat é, agus áit o bfuil an ḟarraige agus an imsir mar ṁaor ort ó aois go ás duit ann. Nuair a ṫáinig an ıaidin ċun dul fé láṁ Easpaig í ċuirfea amaċ do ṁadra le íon agus aimsir an ḟarraige ite geal, sála gorm gaoiṫe an-ır aduaiḋ agus sáile á ċaiṫeaṁ e ḋruim na gcnoc.

Níor ṫáinig a leiṫéid de lá aṫ-ıs ariaṁ ó ṡin orainn agus a áinig an lá san. Is mó halp de orn a fuaireamar ós na sean-aoine, mar ḃíoḋ aon scarta áire againne fé'n aimsir agus é'n aimsir a ḃeiṫ mar a ḃí, mar eapamar go raiḃ deire go deo rís againn le hEaspaig ná Dráiṫre.

"Is mairig a ḃáiṫfear lá na ıanaṫa mar tagann an ġrian in-ıaiḋ na fearṫainne." Ċuamar r scoil arís féin mar ba ġná. Tógamar amaċ ár leaḃar agus o ċuamar ċoṁ fada leis an Capall Ḃán arís. Ní raiḃ aon eaṫanaċ eile ann ċun léiġte. Cúpla lá na ḋiaiḋ sin laḃair an máistir arís agus dúirt sé mar leanas: Na buaċaillí móra so. ar seisean, ná riṫ leo dul fé láiṁ Easpaig, caiṫfiḋ fanaċt go ceann trí bliana eile mar ná beiḋ aon Easpag a' teaċt go ceann na h-aimsire sin. Ná dein dearmad ar an méid Teagasc Críostaí aṫá foġlamṫa agaiḃ, ⁊ béad-sa ḃúr múineaḋ nuair a ṫiocfaiḋ an t-am. Tógaigí aḃaile na leaḃra go léir aṫá anseo liḃ mar ná fuil aon rang eile ann díḃ.

Ba ṁór an t-áṫas croí a ṫáin-ig orainn ar ċlos na cainte sin ó'n Ṁáistir dúinn. Amaċ linn tré ḋoras na scoile. saor neaṁ-spléaċ ar scoil ná ar ṁúinteoir go ḃráṫ arís. Ċuamar isteaċ ins gaċ sórt cuirime a ḃí ag baint le cúram an tiġ insan ḃaile, síos suas ar nós na ngaḃar fiáine gan eagal Dia ná duine orainn. Cnoc. sliaḃ, trá agus farraige, agus fir áitiṫe déanta dúinn taréis leaṫ-bliana ó scoil. Ḃí síbín á díol ar an oileán an uair úd. An "Bandon Rattler" an ainm a ḃíoḋ ar pórtar láidir a bea é. agus éinne a d'ólfaḋ dá ṗionta dó ḃeaḋ a rian le h-aiṫ-int air. Ní raiḃ fear, bean ná leanḃ san oileán ná raiḃ ag blaisínteaċt leis agus a rian san le feiscint orṫa. Scáil na gcraic-eann féin mar a ḃeaḋ i gcapall go mbeaḋ an gráinne crua á teanna leis. Nuair a ḃlaiseamar féin é , ní ag teiṫeaḋ uaiḋ a ḃíomar aċ ag luí leis agus ag teaċt ann a ḃí an dúil againn ó ḃraon go braon.

Ní ḃíoḋ an t-airgead go ró raḃarnaċ againn, aċ pinginí fua-ra fánaċa a ḃuaileaḋ linn anseo agus ansiúd. aċ ḃíomar áisiúil ⁊ ḋeinimís a lán cosanta a ṫaḃ-airt do ḟear an ġátair agus ṫug-aḋ siad an fáltas dúinn. Ḃío-Ṁuirṫid. Ḃ í léaċtaí de ċuid Dantrac na Tuaiṫe i Léitin ag mar tacaiṫe isteaċ go maiṫ ar an bportar fé'n dtrá seo agus dúil ċeart againn ann. cé gur minic is gur ṫug sé ár gcrúibíní in áird mar ḃí sé ró láidir dú-inn ar dtúis.

Tá sé ráite naċ fada an cáir-de aon ní a ṫagann le h-aimsir, agus sin mar a ḃí againne é agus ag teaċt an Easpaig. Ṫáinig fógra ón Ṁáistir scoile ċugainn teaċt ċuige ar scoil tamall gaċ tráṫnóna agus go ndéanfaḋ sé aṫ-nuaċáint ar an dTeagasc Críostaí dúinn arís. Ṫugamar turas air anois agus arís, agus ní raiḃ mórán trioblóide aige sinn a ṫaḃairt isteaċ air cé is gur mór an aga trí bliana móra fada.

Ṫáinig an lá agus gaċ rud ul-laṁ. Dúirt an máistir linn dul amaċ go Dún Caoin an oíċe roim-is an Easpag agus ná ḃeaḋ aon ċruatan romainn. Ba ṁar a ċéile dó é sin a rá linne nó a ṁéar a bualaḋ ar an gcarraig. Ḃí oċt-ar againne ann — foireann dá naoṁóige agus ní raiḃ aon ṁeá againn an t-oileán d'ḟágaint go dtí maidin lae an Easpaig, pé acu breá ná a ṁalairt é, ba ċuma linn cé acu. Ḃí gotṫa na h-aimsire breá air. Cad na ṫaoḃ ná beaḋ mar b'é an Meiṫeaṁ é agus mar a mbeaḋ sé breá an t-am san don ḃliain ní ḃeaḋ go deo arís.

Ṫáinig an máistir féin ar aṫ-ċoṁairle, agus d'ḟan go maidin. Ḃí gaċ duine ar an ḟéar ar maid-in ar a seaċt a' ċlog. Síos leis na naoṁóga, sé nó seaċt de ċeannaiḃ, aċ gaċ ceann lán suas de ḟearaiḃ agus mná ag dul ag féaċaint ar an Easpag agus ar an bpobal.

Stad ná staonaḋ níor ḋeineaḋ nó gur sroiċeaḋ Baile an Ḟeir-téiriġ, agus níor obair gan duaṫ san a ḋéanaṁ. Ṫáinig an máistir ċugainn féin agus dúirt sé linn gan aon ḃraon di a ṫógaint nó go mbeaḋ an tEaspag curṫa dínn againn mar go mbeaḋ bolaḋ na diġe uainn. Ḃí spála agus tart orraine taréis na maidne, agus ba ṁar a ċéile don ṁáistir a ḃeiṫ ag caint linne nó ag caint leis na h-asail a ḃí fágṫa na ḋiaiḋ san oileán aige. Ċuaiġ gaċ beirt againn le ċéile. Isteaċ linn go tí Narry. Dá ṗionta de ġeit -arsa sinn léi, agus is uir-ṫí ná raiḃ an ṁoill ċun a ḋéan-ṫa. Dá ċeann an duine a ḃí ag-ainn agus nár ṫógadar ó ṫalaṁ na hÉireann sinn. Ṫugadar mis-neaċ agus meanmain dúinn, agus darḃ é an Pápa féin a ḃeaḋ ṫoir sa tSéipéal ní raiḃ sé ag déan-aṁ aon ṁearḃall dúinn.

Ċuamar isteaċ. Ḃí an máistir bailiṫe dúinn. Dúirt sé focal éigin searḃ, aċ má dúirt, dúirt fear againne leis a ḃéal éist-eaċt agus é ṫógaint bog. go raiḃ an lá fada agus naċ idir Carraig an Ċinn sa ċloiċ a ḃí sé. Ċuir sé treo orainn—órd agus eagar. Ṫáinig an tEaspag agus deineaḋ an beart ċoṁ maiṫ agus ná ḃeaḋ braon in ár mbolg. Cuir-eaḋ deireaḋ leis an Séipéal. Siar linn arís. an máistir in éin-eaċt linn, mar go deiṁin bí sé ana ṁór ar fad linn mar is mó teaċtaireaċt a ḃí déanta ag-ainn dó ón ċéad lá a ḃuail sé cos ar an oileán.

Ḃí ordú taḃarṫa uaiḋ aige do ṫiġ i mBaile an Ḟeirtéiriġ lón breá a ḃeiṫ ullaṁ acu dúinn. Ċuamar isteaċ. Ġlaoḋ sé deoċ go fairsing flúirseaċ do gaċ aon duine againn. Ólaḋ an deoċ agus iṫeaḋ an bia agus ní ar duaṫal a ḃí sé. Fuaireaḋ ceol, cailíní, rinnce agus aṁráin gan stad ná staonaḋ. Níor ṫáinig a leiṫéid do lá ariaṁ roimis ann. Ḃí bean ṁór ó Ḋún Caoin ann. a seál uaiṫe aici in áit éigin. seaicéid de belḃit duḃ uirṫi, cóta a ḃí daiṫte le dlioscarnaċ na gcloċ, uirṫi, ceann cíorṫa siar aici. ⁊ sáspan tincéara go raċaḋ dá ṗionta den "Bandon Rattler" isteaċ ann ina láiṁ aici. agus ní hé daṫ an ḃáis a ḃí ar a cnáṫa. Ḃí gaċ aon scréaċ aici féin mar a ḃeaḋ aige banarcaċ róin go mbeaḋ a h-éan á tógaint uaiṫe, agus gan faic á rá aici aċ:

"Olaigí siar é mar go bráṫ arís ní ḃeiḋ sé seo ar leaṫ-réul agus leaṫpín." Níor cuireaḋ puinn suim ina glór an lá úd, breis agus leaṫ-ċéad bliain ó ṡin. Féaċ an piunt inniu. agus féaċ na daoine imiṫe tirim á ċeal, sa taoḃ so tíre pé scéal aige aon áit eile é. Ní lá go deo ċuige é. Tagann deireaḋ leis an sólás ċoṁ maiṫ le h-aon ní eile. Ċaiṫeamar casaḋ ar an seana ḃotán. Ḃí an lá mór agus an scaṁara buile imiṫe ṫarainn, agus an máistir boċt lán tsásta leis féin mar dúirt an sagart paráiste leis gur creidiúint ṁór dó an scata breá fear a ḃí taḃ-arṫa fé láiṁ Easpaig aige.

SEÁN Ó CRIOṀṪAIN.

Duḃċarraig

Beiḋ bádaí pleisiúrṫa ar aḃa Ġaoṫ Bearra an saṁraḋ seo. Sin é an rud a socraíoḋ ag cruinniú de iascairí Ġaoṫ Bearra tá seaċ-tain ó ṡin. Dúirt na baill gur ṁór an tarraingt turasóireaċta é, dá mbeaḋ bádaí mar seo le gluaiseaċt ó Droiċead Leitir Ṁic a' Ḃáird suas go dtí an Duḃċarraiġ, áit a raiḃ raḃarc-anna áilne le feiceáil. Ċinn an Coiste go gcuirfí na bádaí seo ag gluaiseaċt ar an aḃainn ar feaḋ séasúr na turasóireaċta. Fógraíoḋ fosta gur ċeart do luċt tiṫe ar ṁaiṫ leo cuairteoirí a ċoinneáil a n-ainmneaċa a ṫaḃ-airt don rúnaí nó don ċaṫaoir-leaċ, agus go ndéanfaí liosta díoḃa. Fuarṫas deontas ón Roinn fá ċoinne coiriú fánán bá-daí agus balla cosanta ag an ċéiḃ.

Gaoṫ Doḃair

Is beag duine fríd ṗaráiste Ġaoṫ Doḃair naċ raiḃ ag féaċ-aint ar Telefís Éireann ar an Luan seo caite, agus ar ṫórraṁ Ruairí Mac Easmain. agus an ceiliúraḋ i mBaile Áṫa Cliaṫ. Ṫug Ruaiḋrí Mac Easmain cuairt ar sean-scoil Ċnoc a' Stolaire, san ḃliain 1915, agus rinne sé a ċaint agus a ċoṁrá leis na páistí i nGaeilge, agus ṫug sé bronntanaisí milseáin dóiḃa, ⁊ ṫug sé scilling do ṗáiste aṁáin as ċoṁ líofa agus a ḃí sé i nGaeilge. Ar ḋaoine fríd Gaoṫ Doḃair a ḃfuil cuiṁne acu ar ċuairt Ruaiḋrí Ṁic Easmain ar an scoil. tá Cormac Ó Breisleá-in, T.D., Seán Ó Gallċoḃair, O.S., Leas Príoṁ-Oide, Scoil Ċon-aill; Conal Ó Colla, Doċtúir, ag Dún Fionnaċaí; Seosaiṁín Bn. Stratford. Cuiṁníonn siad go raiḃ Ruaiḋrí na nGael ag caiṫ-eaṁ culaiṫ de ḃáinín agus nár laḃair sé aċ Gaeilge aṁáin ar a ċuairt.

Áḃar maoiṫe i nGaoṫ Doḃair san am i láṫair ċoṁ maiṫ agus a d'éiriġ le scoláirí ó Ġaoṫ Doḃ-air ins na idir-ḋíospóireaċtaí Iolscoile i gColáiste Iolscoile Ḃaile Áṫa Cliaṫ. Ar na daoine a ḃain cliú amaċ ins na díospói-reaċtaí seo. ḃí Áine Ní Ḟearraiġ, iníon de Ṫaḋg agus Bean Uí Ḟearraiġ, Oifig an Ṗoist, Gaoṫ Doḃair, agus Fionbarra Ó Baoill, mac le Páḋraic Ó Baoill agus Bean Uí Ḃaoill, Mín Duḃ, Dunbeag. Tá an ḃeirt acu ag freastal ar Coláiste Iolscoile na Gaillimhe, agus ṡeas siad cliú dá gcoláiste ins na céad ḃaḃtaí. agus ċuaiġ siad tríd go deireaḋ gur ḃain siad an sciaṫ fá ċoinne an ḃeirt ab ḟearr. Ḃí Iníon Uí Ḟearraiġ, coṫrom le cainteoir ó Ċoláiste na Trion-óide, mar an cainteoir ab' ḟearr. Fuair an ḃeirt acu 98 marcanna. Ba é an t-áḃar cain-te ná—An Páipéar Bán agus Conraḋ na Gaeilge. Ṫug gaċ duine molaḋ don Ġaeilge deas, soiléir so-ṫuigṫe a ḃí ag muintir Ġaoṫ Doḃair. Tá an paráiste bródúil astu.

Agus tá coṁġáirdeas tuillte fosta ag ceaṫrar ó Árdscoil Ṁuire aṫá indiaiḋ craoḃ Ulaḋ a ḃaint i ndíospóireaċt idir na meán-scoltaċa. Beiḋ siad ag seasaṁ ar son Ċúige Ulaḋ insan díospóireaċt náisiúnta i mBaile Áṫa Cliaṫ, ar ball. Fuair Muir-is Ó Fearraiġ bonn óir don ċain-teoir ab' ḟearr agus b'iad na cainteoirí eile — Séamas Ó hIc-eaḋa, Coitín, Doire Beag, Proin-sias Ó Neron, Doḃair, Doire Beag agus Miċeál Mac Ḟionn-laoiċ, An Maċaire Loisce.

Cúis bróin insan ċeantar, bás Máire Bean Ṁic Aoḋa, an tseaċ-tain seo caite. Ḃí sí 'na cónaí le mac deartár dí, Séamas Mac Giolla Ḃríde. Léiġ an tAṫair S. Ó Miaċán, S.C., Aifreann na Marḃ, i dTeaċ Pobail Naoṁ Muire, Doire Beag, agus ċuaiġ tórraṁ mór ó ṡin go reilig Maċ-aire Gálainn. Níṫear coṁḃrón le Aoḋ Mac Gairḃí, Carraig, Doire Beag, deartár, ⁊ Séamas agus Eoin Mac Giolla Ḃríde, Sleán.

Beiḋ taispeántas freisin arís i mbliana ag Bantraċ na Tuaiṫe insan Aṁarclann i nGaoṫ Doḃ-air. I mbliana, beiḋ sé ann ar an 31ú lá de Ṁárta, agus aċan ḋuine a ċonaic an ċéad ċeann anuraiḋ, beiḋ siad cinnte go mbeiḋ siad ann, agus in am i mbliana. Beiḋ an ċuid is fearr dena cultaċa agus den éadaċ as taispeáint ag na haisteoirí is cliste ag an ealáin seo. As Gae-ilge, ar ndóiġe, a ḃéas an obair ar fad.

Ċeannaiġ Seosaṁ Ó Curráin, an tí taḃairne a ḃíoḋ ag Seán Ó Fearraiġ, ar an Doire Beag agus tá sé oscailte agus cóiriṫe go h-úr nua aige san am i láṫair. Fear mór dornalaíoċta isea Seosaṁ Ó Curráin, agus tá sé a' braṫ rang dornalaíoċta a ċur ar bun i halla Doire Beaga.

Tá fógra tugṫa ag Cormac Ó Breisleáin, T.D., go molfaiḋ sé ag an ċéad cruinniú eile de Ċoṁ-airle Condae Ḋún na nGall, go leaṫnófar an t-uisce poiblí go dtí Mín an Iolair, Mín Doire Gaiṁ, Mín na Cúinge, Ardán, Mín Duḃ, Maċaire Loisce, agus Baile an Droiċid, i bparáiste Gaoṫ Doḃair.

Tá Muintir Cladyknit Teo., Doire Beag, ag taḃairt obair do 24 cailíní ó paráiste Ċloiċeann-aola, agus ċoṁ maiṫ leis sin, tá an Cuideaċtain ag cur gléas tais-til ar fáil leis na cailíní a ṫaḃ-airt go Cloiċeannaola agus ar-ais na ḃaile tráṫnóna. Seo an dóiġ ceart le tionscail a stiúrú ins na ceantair ḃoċta seo, agus tá sé ag taḃairt cinnlíne do Gaeltarra Éireann agus dream-anna eile Rialtais dá leiṫéid naċ ḃfuil ag cur aiseanna dá leiṫéid seo ar fáil ċor ar biṫ.

Níṫear coṁḃrón le Miċeál Ó Muanaiġ. Bóṫar na Trá, Maċaire Ċloċair, i más a ḋeirḟiúir, Bríd Bean Uí Ḟearraiġ, i nGlascú. Ní-ṫear coṁḃrón fosta le Bn. Gib-son, Dumfries, Albain, iníon do Eoin Mac Ṗáidín. agus do Ḃean Ṁic Ṗáidín, Doire Beaga, a ḃfuair mac léi bás in Albain ar na mallaiḃ.

Ḃí séasúr íontaċ maiṫ ag cruinniṫeoirí slata mara fá ċósta Gaoṫ Doḃair agus Cloiċ-eannaola, agus cruinníoḋ rud mór ar fad, agus fuarṫas £8 an tonna orṫa.

An tseaċtain seo caite fosta, d'éag Seosaṁ Ó Baoill, Mín na Leice. Níṫear coṁḃrón lena iníon —Bean Ṡeáin Ṁic Ṗáidín, Doḃ-air Íoċtaraċ.

Léiġ Amáraċ

Ma's maith leat an Ghaeilge beo a labhartar i Ros Goill agus Ros Muc, i dTeilionn agus in Uibh Rathach, i gCloicheannaola agus i gCorca Duibhne, i Ros Dumhach agus sa Rinn, i nGaoth Dobhair agus i gCeathrú Rua, léifidh tú AMÁRACH.

Ma's maith leat a bheith ar an eolas fá'n Ghaeltacht agus saol na Gaeltachta agus an rud atá á rá sa Ghaeltacht léifidh tú AMÁRACH.

Ní chosnann cóip gach seachtain saor tríd an phost ach 30/-.

Líon an fhoirm thíos agus postáil inniu é le 30/-.

Ainm ... ...

Seoladh ... ...

Síntiús ... ... istigh do cóip de AMÁRACH

ó ... ... go ... ...